

Nótaí an Mhúinteora: Fabraicí a Fhiosrú agus a Chruthú

le Una Kelly

Gníomhaíochtaí Breise

Gach Rang

Fiosrú a dhéanamh ar fhéidearthachtaí fabraice agus snáithín mar mheán don chur in iúl samhlaíoch (leathanach curaclaim 23)

Tar éis snátha nó snáithíní a tharraingt as heiseán mar a bhí le feiceáil ar an bhfistéip, bheadh sé i gceist anois na leanaí a spreagadh chun snátha, olann, ribín bláthadóra nó aon snáithín eile a tá ar fáil a chur trí na fuinneoga atá cruthaithe sa heiseán daite. D'fhéadfaí cuala olla a chur leis sin níos moille.

Is féidir an snáithín a baineadh as an heiseán a úsáid ar bhealaí éagsúla:

- é a dhathú le húsáid níos déanaí i ndathanna uisce fuar
- iad a ghreamú le gliú ar chárta le húsáid do bhlocphriontáil ar fhabraic nó ar pháipéar.
- a chur in eagar ar fhabraic nó ar pháipéar chun patrún faoi agus os cionn a dhéanamh mar a chonacthas san fhabraic heiseáin.

Ranganna a Cúig agus a Sé

Déan píosaí beaga airgtheacha le fabraic agus snáithín (leathanach curaclaim 76)

Táipéis bhalla grúpa a dhéanamh do cheiliúradh ranga bunaithe ar théama datha. Spreagtar na leanaí chun a gcodanna féin a eagrú i gcumraíochtaí éagsúla sula mbeartaítear ar an socrú deiridh don dearadh. Tá an próiseas deartha seo ríthábhachtach mar go ligeann sé do na leanaí cinntí a dhéanamh faoina ndéanamh ealaíne féin.

Féach ar an scannán 'Faoi agus os cionn' arís, ag díriú ar na radharcanna tosaigh ina bhfuil cnoic dhroimneacha, Mórbhalla na Síne agus Sconsa Reatha Christo. Píoc roinn agus reoidh an fráma. Déan líníocht bunaithe ar an bhfráma a roghnaítear. Úsáid é seo mar dhearadh do tháipéis eile, ag úsáid an phróisis chéanna a bhí le feiceáil sa scannán. Roghnaíonn gach dalta radharc ón sraith tosaigh.

Roghnaigh eangach réamhullmhaithe (mar shampla an rolla a bhíonn fágtha tar éis séacainí a dhéanamh), heiseáin nó eangaigh mar a bhíonn i dtuáillí níocháin, líonta, málaí torthaí srl. Roghnaíonn na leanaí sraith ón scannán agus déanann siad cinneadh faoi ghrúpaí datha, dearga, gorma, corcra: is leo féin an rogha. Roghnaíonn siad olanna a oireann do na dathanna seo. Cruthaíonn na leanaí patrúin trína gcuid olanna féin a fhí trí eangach réamhdhéanta. Is féidir sparáin, clúdaigh fóin póca nó earraí pearsanta feidhmiúla a dhéanamh as na píosaí seo.

Rannóg Scileanna

- Seol cárta a fheistiú
- Cniotáil
- Cróise

- Gáirdín sailí a chur i dtailte na scoile.

Naisc le Snátha eile sna hAmharcealaíona

- Líníocht:* Tabhair snáithín ar siúlóid mar a rinne Paul Klee
- Péint/Dath* Measc dathanna chun do shaothar i bhfabraic agus i snáithín a mheaitseáil nó mar chontrárthacht leo nó measc dathanna comhlántacha chun patrún a dhéanamh.
- Prionta:* Tóg prionta de phíosa snáithín nó seanphíosa fabraice, cniotála nó cróise. Déan blocphrionta agus bain triail as dathanna agus athdhathanna difriúla.
- Cré:* Rollaigh leac cré amach ar pháosa heiseáin, scrúdaigh an patrún atá cruthaithe agus anois cuir cruth rud éigin atá feicthe agat air.
- Tógáil:* Smaoinigh ar fhí 'faoi agus os cionn'; úsáid bréagáin tógála agus ábhair atá ar fáil chun tógáil a dhéanamh le páirt a théann os cionn agus faoi.

Imeascadh Curaclaim

- Béarla:* Síscéalta; A Rapunsal scaoil anuas do ghruaig; dánta faoi fhíodóireacht
- Eolaíocht:* Srath ábhar
- Ceol:* Rithim, rithim a haon agus a dó mar a bhíonn i rithim os cionn agus faoi
- Mata:* Cruthaigh eangach, oibrigh ar chomhordanáidí, srathanna agus colúin

Ealaíontóirí Ábhartha:

1. Louis le Brocquy (táipisí)
2. Maud Cotter (saothar le heangaigh sreinge)
3. Mary Fitzgerald (táipisí)
4. Alice Maher (Ealaín snáithíní)
5. Piet Mondrian (samplaí de phéintéireacht bunaithe ar eangaigh)
6. Christo agus a bhean (foirgnimh agus tírdhreach fillte i bhfabraic ar mhórscála)